2

Focail Dheacra

	Lch
riasc réidh na bhfeochadán	13
siúl agus sodar	
géilliúil	14
ag fuirseadh	
na cuibhrinn	
de chian	15
cloigíneacht	
diúlach	16
slat saileoige	17
ag lámhacán	18
rocach	
beithíoch	
folúil	20
déan + beart de réir a	21
bhriathair	
iomaire	
cinnfhearainn	22
céachta	
duilliúr	23
alpadh	24
tuí	
farasbarr	
tuíodóireacht	25

Frásaí

	Lch
gan duine ná deoraí	14
mo chroí i mo bhéal le heagla	17
ar nós cuma liom	20
i bhfaiteadh na súl	20
gan stad gan staonadh	21
go bhfóire Dia + ar	24

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Ainmnigh cosúlacht idir searrach bliana agus gasúr óg, dar le Joey.
2. Cá bhfuil Torridge?
3. Cad é a bhí le déanamh ag Joey nuair a dhéanfadh Albert feadaíl?
4. Cad é a rinne Joey nuair a tháinig athair Albert isteach sa stábla?
5. Cén dóigh a raibh a fhios ag Joey go raibh Albert ag caoineadh an mhaidin i ndiaidh d'athair Albert a bheith sa stábla?
6. Cad é a bhí le déanamh ag Joey taobh istigh de sheachtain, le nach ndíolfaí é?
7. An raibh an obair a rinne Joey agus Zoey sásúil, dar le hathair Albert?
8. Tá an scéal seo suite sa bhliain 1914. Cén cogadh atá i gceist?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth ar chuir Albert an dá chapall le chéile tráthnóna Dé Máirt?
2. Cén dóigh a raibh a fhios ag Joey nach Albert a bhí ag teacht?
3. Cén focal a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar labhair Albert lena athair an lá sin sa stábla?
4. Cad é a thugann le fios dúinn nach bhfuil Albert sásta le Joey?
5. Cad chuige ar shíl Albert go mbeadh deacrachtaí ag Joey leis an obair a bhí roimhe?
6. Ainmnigh bua amháin atá ag athair Albert agus ainmnigh laige amháin atá aige.
7. Cérbh iad na diabhail sin a luaigh an t-athair?
8. Dúirt athair Albert go mbeadh "... sé uilig thart taobh istigh de roinnt míonna". An raibh an ceart aige?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Cad é a tharlaíonn mura bhfuil teagmháil ag daoine nó ag ainmhithe le daoine eile? Smaoinigh ar cad is uaigneas ann.
2. Dúirt athair Albert go mbainfeadh sé úsáid as an fhuip "go dtí go mbeidh tú ag cur fola". Cad é a léiríonn sin dúinn faoina phearsantacht?
3. Shíl Joey gur "Albert eile a bhí ann". Ar athraigh Albert nó cén fáth nach raibh sé ag caitheamh leis mar a bhíodh sé de ghnáth?
4. Shíl Albert go mbeadh cuma mhaith air agus é gléasta in éide chatha, ach an ionann sin agus bheith ina shaighdiúir maith?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Rólghlacadh

Agus tú ag obair le duine eile glac ról duine de na carachtair sa leabhar agus bíodh comhrá dhá bhomaite agat leis an duine eile faoi na heachtraí a thit amach an oíche sin.

- Athair Albert agus máthair Albert;
- Albert agus a athair; nó
- Albert agus a mháthair.